

## Cáca Milis -

### Téama:

Baineann an scannán dorcha seo le bean óg agus fear dall atá iontach difriúil. Is iad drochnósanna agus fearg téamaí an scannáin. Ag tús an scannáin, féachaimid/feicimid ar an bhean óg mar dhuine deas, proifisiúnta.

Bhí an fear dall corrrthónach faoin tábla, agus bhí drochnósanna aige. Tuigimid go bhfuil sé ag cur isteach uirthi. Bhí an bhean óg ag iarraidh a leabhar a léamh, ach níor thug an fear dall seans di. Ag tús an scannáin, bhí a lán suíocháin ar an traein, ach shuigh sé os a comhair. Ní raibh sí cairdiúil leis an fhear, ach níor thuig sé gur mhaith léi bheith ciúin. Sa deireadh, rinne sí rud uafásach. Bhí análóir aige agus thóg an bhean é ón tábla os a comhair. Bhí sí ag léamh scéal grá, ach tuigimid gur bhean chrúálach í.

Baineann \_\_\_\_ le \_\_\_\_ = \_\_\_\_ is about \_\_\_\_

Dall = blind

Difriúil = different

Profisiúnta = professional

Tuigimid = we understand

### Pearsana -

**An fear dall:** Bhí asma ar an fhear dall. Bhí sé measartha neirbhíseach, agus bhí sé corrrthónach ar an traein. Ach ní raibh trua aige dó féin. Bhí sé sásta lena shaol ach níor thuig sé go raibh sé ag cur isteach ar dhaoine.

Tá trua againn dó mar bhí sé deas, cairdiúil. Nuair a d'ith sé, chuir sé samhnas ar an bhean, ach ní raibh an bás tuillte aige!

Ag iarraidh = looking to

Tugann = gives

Suíocháin = seats

Os a comhair = in front of her

Níor thuig = didn't understand

Bheith = to be

Rud = thing

Measartha = quite

Ní raibh trua aige = he didn't feel sorry

An bás = death

**An bhean óg:** Ag tús an scannáin, feicimid gnáthbhean. Ach bhí sí measartha crosta lena máthair. Nuair a shuigh an fear dall síos os a comhair, bhí sé corrthónach faoin tábla. Thosaigh sé ag caint gan stad, agus bhí sé ag cur isteach ar an bhean óg. Níor chuidigh sí leis ar chor ar bith. Dúirt sí go raibh loch agus báid le feiceáil, ach ní raibh.

Feicimid go raibh an fear dall trí chéile. Dúirt sí go raibh péist sa cháca, ach ní raibh. Bhí sí breá sásta go raibh an fear bocht trína chéile. Ní duine deas í.

Níor chuidigh = didn't help

Ar chor ar bith = at all

Le feiceáil = to be seen

Bocht = poor

### **Mo Bharúl/Thuairim:**

Thaitin an scannán seo go mór liom mar is scannán iontach cliste é. Feicimid beirt charachtar atá difriúil ar fad. Is scannán dorcha é, ach tá greann le feiceáil ann. Feicimid fearg agus olc na mná ag deireadh an scannáin. Bhuail sí bob gránna ar an fhear dall. Bhain sí geit as nuair a dúirt sí go raibh péist sa cháca milis. Nuair a thóg sí an t-análóir, mharaigh sí an fear bocht <o(

Barúl = opinion

Thaitin \_\_\_\_ liom = I enjoyed \_\_\_\_

Deireadh = end

Bhuail sí bob gránna = she played an ugly trick

Bhain sí geit as = she gave him a fright

Mharaigh = killed